Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11117/26**

**ECOFIN 907**
**UEM 311**
**SOC 436**
**EMPL 238**
**COMPET 851**
**ENV 827**
**EDUC 293**
**ENER 449**
**JAI 887**
**GENDER 124**
**JEUN 167**
**SAN 525**
***EIB***
***ECB***

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Gearmáine |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an dréacht-Mholadh thuasluaite ón gComhairle, arna athbhreithniú agus arna chomhaontú ag coistí éagsúla de chuid na Comhairle agus mar a chuir an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais bailchríoch air, bunaithe ar thogra COM (2026) 205 final ón gCoimisiún.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Gearmáine**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

---

1 Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1263, sonraítear cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch, creat a bhfuil sé d'aidhm aige airgeadas poiblí fónta inbhuanaithe, fás inbhuanaithe cuimsitheach agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, chomh maith le heasnaimh rialtais iomarcacha a sheachaint. Sonraítear sa Rialachán go ndéanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Ar na nithe atá i gceist leis an Seimeastar Eorpach, tá foirmiú na moltaí tírshonracha agus faireachas ar chur chun feidhme na moltaí sin, go háirithe.

(2) An 25 Samhain 2025, ghlac an Coimisiún tuairim maidir le dréachtphlean buiséadach na Gearmáine 2026. An dáta céanna, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2026 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil nár sainaithníodh inti go bhfuil an Ghearmáin ar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ina teannta sin, ghlac an Coimisiún moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, moladh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas Eorpach, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2026, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro[2] an 21 Aibreán 2026, agus ghlac sí an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht agus an Moladh maidir le caipiteal daonna an 9 Márta 2026.

(3) An 29 Eanáir 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún an Compás Iomaíochais, creat straitéiseach arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais sna 5 bliana amach romhainn. Sainaithnítear ann gur colúin chriticiúla ó thaobh an fháis eacnamaíoch inbhuanaithe de na trí riachtanas chlaochlaitheacha seo a leanas – an nuálaíocht, an dícharbónú agus an t-iomaíochas, agus an tslándáil. Ó foilsíodh é, tá an Compás Iomaíochais ina bhonn eolais d'obair an tSeimeastair Eorpaigh agus áirítear leis go bhfuil beartais eacnamaíocha na mBallstát comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Aontais, rud a fhágann go bhfuil cur chuige aontaithe ann maidir le rialachas eacnamaíoch lena gcothaítear fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus athléimneacht ar fud an Aontais.

[2] IO C, C/2026/2434, 28.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2026/2434/oj.

(4) In 2026, tá an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt i gcónaí i gcomhthráth leis an gcéim dheiridh de chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta[3]. Pleananna téarnaimh agus athléimneachta, mar aon le cistiú faoin mbeartas comhtháthaithe, bhí siad ríthábhachtach maidir leis na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach a bhaint amach, ós rud é gur ghá aghaidh a thabhairt go héifeachtach sna pleananna ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le linn na dtimthriallacha a bhí ann le déanaí, nó ar sciar nach beag de na dúshláin sin, agus gur ghá moltaí tírshonracha a chur san áireamh sna cláir a cistíodh faoin mbeartas comhtháthaithe Eorpach. Agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ag druidim le deireadh a saolré, tá sé ríthábhachtach i gcónaí na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí a dtacaítear leo agus a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a choinneáil ar bun agus tógáil orthu, go háirithe iad siúd a rannchuidíonn ó thaobh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin arna sainaithint sna moltaí tírshonracha.

(5) An 3 Meitheamh 2026, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2026 maidir leis an nGearmáin. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar an dul chun cinn atá déanta ag an nGearmáin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar mholtaí tírshonracha 2025 agus rinneadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Gearmáine a mheas. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre na dúshláin is práinní atá le sárú ag an nGearmáin. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Gearmáine ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna, laghdú na bochtaineachta agus laghdú an eisiata shóisialta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

---

3 Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

(6) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus a iarmhairtí. D'iarr an Coimisiún ar na Ballstáit a iarraidh go ndéanfaí clásal éalaithe náisiúnta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa nach beag ar chaiteachas cosanta a bhaint amach[4] agus ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach an togra sin an 6 Márta 2025. An 10 Deireadh Fómhair 2025 ghlac an Chomhairle, tar éis an mheasúnaithe agus an mholta ón gCoimisiún, Moladh lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Gearmáine lena gceadaítear don Ghearmáin imeacht ó uasráta fáis glanchaiteachais a leag an Chomhairle síos faoi Rialachán (AE) 2024/1263 (An clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú)[5]. Leis an bplean, cumhdaítear an tréimhse ó 2025 go 2029 agus cuirtear i láthair ann coigeartú fioscach thar 7 bliana. Mhol an Chomhairle na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas: 4,4 % in 2025, 4,5 % in 2026, 2,3 % in 2027, 1,7 % in 2028 agus 1,6 % in 2029, rátaí a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir na bonnbhliana 2024, mar atá 4,4 % in 2025, 9,0 % in 2026, 11,5 % in 2027, 13,3 % in 2028 agus 15,2 % in 2029. An tráth céanna, tar éis iarraidh a fháil ón nGearmáin, an 10 Deireadh Fómhair 2025, agus ar mholadh ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle Moladh lena gceadaítear don Ghearmáin imeacht ó uasrátaí fáis molta an ghlanchaiteachais. Le linn na tréimhse ina ngníomhachtófar an clásal éalaithe náisiúnta (2025-2028), beidh an Ghearmáin in ann tosaíochtaí an chaiteachais rialtais a athrú nó ioncam rialtais a mhéadú ionas nach gcuirfí an inbhuanaitheacht fhioscach i mbaol sa mheántéarma i ngeall ar chaiteachas marthanach níos airde ar an gcosaint.

---

[4] Teachtaireacht ón gCoimisiún, 'Freastal ar chaiteachas cosanta méadaithe laistigh den Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis', an Bhruiséil, an 19 Márta 2025, C(2025) 2000 final.

[5] Moladh ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2025 lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Gearmáine agus lena gceadaítear don Ghearmáin imeacht ó uasrátaí fáis glanchaiteachais arna leagan síos ag an gComhairle faoi Rialachán (AE) 2024/1263 (An clásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtú)] (IO C, C/2025/5635, 22.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5635/oj).

(7) An 30 Aibreán 2026 chuir an Ghearmáin a Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn do 2026[6] isteach, tuarascáil maidir le cloí leis na huasrátaí fáis ar ghlanchaiteachas a moladh, maidir le cur chun feidhme na sraithe athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin agus maidir le cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagraítear do na príomhdhúshláin a sainaithníodh sa mholadh tírshonrach. An Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, is léiriú freisin í ar thuairisciú débhliantúil na Gearmáine i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta maidir lena plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241.

(8) In 2025, ba é 0,2 % a bhí san fhás fíor-OTI agus ba é 2,3 % a bhí i mboilsciú ICPT. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go bhfásfaidh an fíor-OTI faoi 0,6 % in 2026 agus faoi 0,9 % in 2027, agus go mbeidh boilsciú ICPT 2,9 % ann in 2026 agus 2,7 % in 2027.

(9) Ar bhonn sonraí a sholáthair Eurostat[7], d'fhan easnamh rialtais ghinearálta na Gearmáine seasmhach idir 2024 agus 2025 ag 2,7 % de OTI. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta faoi scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún easnamh 3,7 % de OTI in 2026 agus 4,1 % de OTI in 2027. Léiríonn an méadú in 2026 agus 2027 den chuid is mó méadú ar bhonneagar agus ar chaiteachas a bhaineann le cosaint agus ar bhearta faoisimh cánach lena laghdaítear ioncam.

---

6 Tá Tuarascálacha Bliantúla 2026 ar Dhul Chun Cinn ar fáil ar: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/preventive-arm/annual-progress-reports_en.

7 Táscairí Eurostat-Euro, an 22 Aibreán 2026.

(10) Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach[8], lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, bhí sí neodrach den chuid is mó in 2025. Réamh-mheastar go mbeidh staid fhorleathnaitheach ann in 2026 agus 2027 araon, faoi 1,3 % agus 0,5 % de OTI, faoi seach.

(11) Ar bhonn sonraí a chuir Eurostat ar fáil[9], tháinig méadú ar fhiachas rialtais ghinearálta na Gearmáine ó 62,2 % de OTI ag deireadh 2024 go 63,5 % de OTI ag deireadh 2025. Léiríonn an méadú ar an gcóimheas fiachais in 2025 coigeartú sreabhaidh i leith stoic níos airde in 2025 den chuid is mó. Ar bhonn bearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún go méadóidh an cóimheas idir fiachas agus OTI go 65,8 % faoi dheireadh 2026 agus go méadóidh sé a thuilleadh go 68,0 % faoi dheireadh 2027. Léiríonn na méaduithe in 2026 agus 2027 den chuid is mó méaduithe ar an easnamh príomha.

(12) Ar bhonn shonraí Eurostat[10], 1,5 % de OTI a bhí i gcaiteachas iomlán rialtais ghinearálta na Gearmáine ar an gcosaint in 2025, rud a chomhfhreagraíonn do mhéadú 0,4 pointe céatadáin de OTI i gcomparáid leis an mbliain thagartha 2021. Ar bhonn Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh sé ag 1,9 % de OTI in 2026, rud a chomhfhreagraíonn do mhéadú 0,8 pointe céatadáin de OTI i gcomparáid le 2021[11].

---

8 Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm di measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an fás féideartha meántéarmach agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta ioncaim lánroghnacha agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

9 Táscairí Eurostat-Euro, an 22 Bealtaine 2026.

10 Eurostat, caiteachas rialtais de réir aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG).

11 Tá sainmhíniú ECAT ar chaiteachas cosanta éagsúil leis an sainmhíniú atá ag COFOG ar chosaint. Thairis sin, d’fhéadfadh difríochtaí a bheith ann i ngeall ar am taifeadta an chaiteachais, go háirithe maidir le trealamh míleata, ós rud é nach leanann tuairisciú ECAT rialacha na gcuntas náisiúnta maidir le ham an taifeadta.

(13) Tá rioscaí fós roimh an Aontas maidir le suaitheadh sa soláthar fuinnimh agus luaineacht ardaithe praghsanna, rud atá níos measa mar gheall ar theannas geopholaitiúil a dhéanann difear do mhargaí domhanda ola agus gáis. Is léir ón taithí a fuarthas ó ghéarchéim fuinnimh 2022-2023 go mbaineann costais fhioscacha mhóra le bearta leathana neamh-spriocdhírithe agus go bhfuil siad neamhéifeachtúil go sóisialta agus go heacnamaíoch. Ó thosaigh an cogadh sa Mheánoirthear i mí Feabhra 2026, tá bearta beartais fhioscaigh glactha ag an nGearmáin chun an tionchar atá ag praghsanna arda fuinnimh ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí a mhaolú[12]. Ina measc sin tá laghdú neamh-spriocdhírithe ar an gcáin fuinnimh ar dhíosal agus ar ghásailín le haghaidh a tréimhse mí na Bealtaine-mí an Mheithimh 2026. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún, réamh-mheastar gurb é thart ar 0,1 % de OTI a bheidh i gcostas fioscach na mbeart sin in 2026. De réir mheastacháin an Choimisiúin, dá leanfadh na bearta de bheith i bhfeidhm go dtí deireadh 2026, is é 0,2 % de OTI a bheadh i gcostas fioscach na mbeart sa bhliain sin.

(14) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, d'fhás an glanchaiteachas sa Ghearmáin faoi 3,8 % in 2025. Tá an fás glanchaiteachais in 2025 faoi bhun an uasráta fáis a moladh.

(15) Ar bhonn ríomhanna an Choimisiúin, réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachas sa Ghearmáin faoi 5,6 % in 2026 agus gur fás carnach 9,7 % a bheidh ann in 2025 agus 2026. Tá an fás glanchaiteachais réamh-mheasta in 2026 os cionn an uasráta fáis a moladh, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 0,5 % de OTI i dtéarmaí bliantúla. Agus 2025 agus 2026 á mbreithniú le chéile, tá ráta réamh-mheasta fáis carnach an ghlanchaiteachais os cionn an uasráta fáis a mholadh freisin, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall 0,3 % de OTI i dtéarmaí carnacha. Mar sin féin, tá an diall réamh-mheasta laistigh de sholúbthacht an chlásail éalaithe náisiúnta bunaithe ar réamh-mheastacháin reatha maidir le caiteachas cosanta.

---

[12] Is léiriú é sin ar an gcás ag scoithdháta Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún (an 4 Bealtaine 2026).

(16) Leis an moladh lena bhformhuinítear plean meántéarmach na Gearmáine, sonraítear an tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin, mar aon le hamlíne chun iad a chur chun feidhme. Agus an fhaisnéis a chuir an Ghearmáin ar fáil sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Dhun Cinn á cur san áireamh, measann an Coimisiún gur cosúil go bhfuil cur chun feidhme phríomhchéimeanna na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a bhí dlite faoin 30 Aibreán 2026 ar an mbóthar ceart den chuid is mó. Measann an Coimisiún gur chomhlíon an Ghearmáin a gealltanais ar bhealach sásúil ar an iomlán[13].

(17) An 3 Meitheamh 2026, ghlac an Coimisiún tuarascáil faoi Airteagal 126(3) CFAE[14]. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar staid na Gearmáine maidir leis an gcritéar easnaimh, toisc go sáraíonn an t-easnamh rialtais ghinearálta atá beartaithe aici in 2026 an luach tagartha, arb é 3 % den OTI é. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil nár chomhlíon an Ghearmáin critéar an easnaimh. Mar sin féin, bhí an Coimisiún den tuairim nach bhfuil aon chás ann chun tús a chur le nós imeachta um easnamh iomarcach don Ghearmáin, ós rud é gur ghníomhachtaigh an Chomhairle an clásal éalaithe náisiúnta don Ghearmáin agus go mínítear go hiomlán an t-easnamh réamh-mheasta atá de bhreis ar an luach tagartha in 2026 leis an méadú ar chaiteachas cosanta ó bhí 2021 ann, de réir Réamhaisnéis an Earraigh 2026 ón gCoimisiún. Ina fhianaise sin, agus tar éis an tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais arna bhunú faoi Airteagal 126(4) CFAE a mheas, níl sé molta ag an gCoimisiún tús a chur le nós imeachta um easnamh iomarcach.

13 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an mBanc Ceannais Eorpach, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta, Seimeastar Eorpach 2026 – Pacáiste an Earraigh, COM(2026) 200 final.

14 Tuarascáil ón gCoimisiún, arna hullmhú i gcomhréir le hAirteagal 126(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, 3.6.2026, COM(2026) 302 final.

(18) Tar éis 20 bliain de thearcinfheistíocht, tháinig méadú ar infheistíocht phoiblí mar sciar de OTI, ó 2,2 % in 2005 go 2,9 % in 2023 agus go 3,3 % in 2025. Mar sin féin, tá an ghlaninfheistíocht phoiblí, is é sin, infheistíocht tar éis dímheasa, fós i measc na rátaí infheistíochta is ísle san Aontas, ag 0,4 % de OTI. Léiríonn sé sin gur gá an infheistíocht phoiblí a neartú a thuilleadh chun feabhas a chur ar an bhfás agus ar an iomaíochas. Ina theannta sin, tá sé tábhachtach i gcónaí iarrachtaí breise a dhéanamh chun nósanna imeachta pleanála agus formheasa a chuíchóiriú agus chun aghaidh a thabhairt ar an scrogall san acmhainneacht riaracháin. I measc na ngnáththosaíochtaí ardtoraidh maidir le hinfheistíocht tá scoileanna agus oideachas agus cúram na luath-óige, bonneagar iarnróid chomh maith leis an gcóras nuálaíochta. D'fhéadfadh castacht na struchtúr feidearálach, freagrachtaí ilroinnte agus acmhainneachtaí airgeadais teoranta ar leibhéal an bhardais bac a chur ar chur chun feidhme tráthúil agus éifeachtúil tionscadal.

(19) Tá baint idir sciar réasúnta íseal na hinfheistíochta poiblí in OTI agus cáilíocht an airgeadais phoiblí, rud a d'fhéadfaí a fheabhsú go mór. Le cur chun feidhme an Chiste Speisialta um Bonneagar agus Aeráidneodracht, meastar go maoineofar infheistíochtaí poiblí a thuilleadh. Mar sin féin, d'fhéadfaí borradh a chur faoi bhreisíocht agus faoi cháilíocht an chaiteachais faoin gciste speisialta sin. Ach béim níos láidre a leagan ar fhoirmiú caipitil i réimsí a mhéadaíonn acmhainneacht táirgeachta agus iomaíochas an gheilleagair – lena n-áirítear bonneagar don oideachas agus d'fhorbairt scileanna – in ionad cuspóirí tomhaltais, is féidir cuidiú leis an tionchar dearfach ar an bhfás fadtéarmach a uasmhéadú. Dúshlán eile do cháilíocht an airgeadais phoiblí is ea an t-aistriú ón mbuiséad feidearálach chuig córas na bpinsean, arbh fhiú EUR 122 bhilliún é in 2025, agus d'fhan sé ag 25 % de chaiteachas an rialtais fheidearálaigh, rud a laghdaíonn an raon feidhme le haghaidh caiteachas níos táirgiúla. Leis na gealltanais a rinneadh in 2025 chun pinsin máithreacha a mhéadú agus chun cóimheas athsholáthair pinsin reachtúil 48 % a choinneáil ar bun go dtí 2031, meastar go dtiocfaidh méadú breise ar chaiteachas pinsin. D'fhéadfadh na roghanna maidir le hathchóiriú pinsean a chuirtear i dtábhacht in Aithris (22) an gá atá le haistrithe buiséid agus méaduithe ar ranníocaíochtaí slándála sóisialta a mhaolú, agus ar an gcaoi sin an chothroime idirghlúine a chur chun cinn. D'fhéadfadh deiseanna eile chun éifeachtúlacht fhoriomlán an chaiteachais phoiblí a fheabhsú eascairt ó thuilleadh athbhreithnithe caiteachais agus ó bheart sonrach a dhéanamh ina ndiaidh, mar shampla maidir le fóirdheontais neamhriachtanacha a chuíchóiriú nó a dhíothú.

(20) Tá an t-aosú déimeagrafach ag cur brú ar an gcóimheas seanaoise agus cleithiúnais, rud a chuireann dúshlán faoi inbhuanaitheacht fhadtéarmach chóras na bpinsean agus faoi leordhóthanacht na bpinsean reachtúil. Idir 2025 agus 2035, meastar go dtiocfaidh laghdú ar an daonra in aois oibre (20 bliain d'aois go 64 bliana d'aois) ó 49 milliún go 45 mhilliún. Tá na roghanna tarraingteacha luathscoir ag cur in aghaidh inbhuanaitheacht chóras na bpinsean freisin, agus léirítear méaduithe ar ionchas saoil sa chaoi nach gcuirtear brúnna déimeagrafacha san áireamh tríd an bhfachtóir inbhuanaitheachta nó tríd an aois scoir a choigeartú. Trí athbhreithniú a dhéanamh ar innéacsú pinsean agus trí uasteorainneacha ranníocaíochta a choigeartú, d'fhéadfaí an córas pinsean a dhéanamh níos inbhuanaithe. Leis an tuarascáil ón gcoimisiún pinsean, cuirtear deis ar fáil chun athchóirithe uaillmhianacha forleathana a dhéanamh. Ní mór ioncam seanaoise leordhóthanach a áirithiú leis an gcóras pinsin ina iomláine; trí phleananna pinsin ceirde agus phearsanta a chomhlánaíonn an colún pinsin reachtúil. Moltar úsáid níos fearr a bhaint as réitigh phinsin caipiteal-bhunaithe. Is céim dhearfach é athchóiriú 2026 ar phinsin cheirde, ach tá pleananna pinsin ceirde, mar aon le pleananna pinsin reachtúla do ghairmeacha rialáilte, fós ilroinnte. I gcás pleananna áirithe, tá an mhaoirseacht díláraithe chuig leibhéal na Länder; i gcás pleananna pinsin eile, tá sochair fós neamhchistithe toisc nach bhfuil aon linn thiomnaithe sócmhainní ann a thacaíonn leis an ngealltanas pinsin. Ina theannta sin, an easpa bonn sócmhainní domhain, agus an bainistiú agus maoirseacht neamhleor i roinnt pleananna, tá siad sin ina mbacainn ar mhargaí caipitil fiontair níos doimhne san Aontas. Thairis sin, ní chumhdaíonn pinsin cheirde ach thart ar 51 % d'fhostaithe atá faoi réir ranníocaíochtaí árachais shóisialta, agus tá laghdú ag teacht ar an sciar sin, ós rud é go bhfuil an fhostaíocht ag aistriú chuig earnálacha ina bhfuil cumhdach pinsin ceirde níos ísle. D'fhéadfadh oibrithe ar ioncam níos ísle nach bhfuil chomh cumhdaithe céanna faoi láthair tairbh a bhaint as clárú uathoibríoch fostaithe i bplean pinsin sócmhainn-bhunaithe, rud a chuirfeadh feabhas ar leordhóthanacht pinsean. I bhfianaise ráta ard coigiltis na Gearmáine, le hathchóirithe ba cheart tosaíocht a thabhairt do ghrúpaí ar ioncam íseal nach sábhálann mórán airgid le haghaidh a scoir faoi láthair; seachas sin, bheadh sé inmhianaithe coigilteas a ath-leithdháileadh i dtreo níos mó caipitil a sholáthar do chuideachtaí, lena n-áirítear caipiteal fiontair, seachas an ráta coigiltis foriomlán a mhéadú.

I gcás pinsin phearsanta, leis an athchóiriú reachtach ar chuntas coigiltis scoir (*Altersvorsorgedepot*) gan ráthaíochtaí éigeantacha, réitítear an bealach don fhéidearthacht go mbeadh torthaí níos airde ann. Mar sin féin, beidh sé ina phríomhdhúshlán maidir le cur chun feidhme a áirithiú go gcoinnítear faoi smacht costais bhainistíochta na gcuntas sin. I bhfianaise ráta cumhdaigh réasúnta teoranta (30 %) na bpinsean pearsanta atá ann faoi láthair, d'fhéadfaí ciste arna shainordú ag an rialtas a bheartú, a d'úsáidfeadh coigilteoirí scoir mar réamhshocrú (i.e. mura mian leo a gcistí dílse a roghnú), le costas oibriúcháin íseal. D'fhéadfadh sé sin a bheith ina threoir don margadh freisin ó thaobh costas agus cleachtas de.

(21) Tá struchtúr cánach atá fabhrach don lucht saothair ríthábhachtach chun dreasachtaí a neartú chun uaireanta oibre a mhéadú. Tá oibrithe sa Ghearmáin ag plé le ceann de na dingeacha cánach is airde san Aontas (lena n-áirítear cánacha ar phá ó ranníocaíochtaí saothair agus slándála sóisialta). Go háirithe, le cánacha arda in éineacht le rialacha diana aistarraingthe sochair (cuir i gcás sochair laghdaithe mar mhéaduithe ioncaim), laghdaítear na dreasachtaí chun líon na n-uaireanta an chloig a oibrítear a mhéadú, go háirithe i gcás daoine ar phá íseal. Leis na rialacha maidir le comhchánachas lánúineacha pósta (*Ehegattensplitting*), ní dreasachtaí iad chun uaireanta oibre an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh, ar mná iad go minic, a mhéadú. Luaigh an Coimisiún um an Stát Leasa le déanaí feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh maidir le tarraingt siar sochar a chuíchóiriú agus riarachán sóisialta a dhigitiú, agus mhol sé freisin feabhas a chur ar éifeachtacht an chórais leasa shóisialta agus, ar an gcaoi sin, rioscaí bochtaineachta a laghdú, trí rochtain ar shochair a shimpliú agus a fheabhsú. Dá mbeadh athchóirithe sochair shóisialta ag gabháil le laghdú sa cháin ioncaim, go háirithe do dhaoine ar ioncam íseal agus meánioncaim – mar a fógraíodh sa chomhaontú comhghuaillíochta – agus le rialacha coigeartaithe maidir le comhchánachas chomh maith le cumhdach árachais sláinte céilí, chuirfí méadú ar dhreasachtaí soláthair saothair go mór. Ina ionad sin, dá n-aistreofaí an meascán cánach i dtreo cánacha nach bhfuil chomh saobhach céanna, d'fhéadfaí acmhainneacht ioncaim mhalartach a ardú, ar an leibhéal réigiúnach freisin, chomh maith le fóirdheontais chánach atá díobhálach don chomhshaol a laghdú, seachas iad a mhéadú.

(22) Rannpháirtíocht chórasach fhóinteach thráthúil na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile, tá sí sin ríthábhachtach i gcónaí maidir le húinéireacht leathan a áirithiú i leith chur chun feidhme rathúil ionstraimí cistiúcháin an Aontais, agus i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh.

(23) Sa Ghearmáin, an luas atá faoi chur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe, rud a chuimsíonn tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) agus ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), is luas é atá faoi bhun meánluas cur chun feidhme an Aontais i gcás roghnú tionscadal agus íocaíochtaí araon. Tá sé tábhachtach dlús a chur leis na hiarrachtaí chun baint amach tapa na n-infheistíochtaí sin a áirithiú, agus a dtionchar ar an láthair á uasmhéadú an tráth céanna. Tá an Ghearmáin ag gníomhú cheana féin faoina cláir beartais chomhtháthaithe chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás. An tráth céanna, tá dúshláin fós le sárú ag an nGearmáin maidir leis an gcur chun feidhme, lena n-áirítear na dúshláin sin a bhaineann leis na spriocanna caiteachais a bhaint amach ag deireadh 2026. Na hinfheistíochtaí nua a shainaithin an Ghearmáin ina hathbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais comhtháthaithe, go háirithe na hinfheistíochtaí sin a bhaineann leis na cúig thosaíocht a sainaithníodh sa Rialachán maidir leis an Athbhreithniú Meántéarma[15], tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfar iad a chur in úsáid go tapa agus go héifeachtach.

[15] Rialachán (AE) 2025/1914 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2025 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma.

(24) Tá roinnt dúshlán roimh an nGearmáin freisin a bhaineann leis an nuálaíocht, éagsúlú an gheilleagair, dinimiceas gnó agus infheistíocht phríobháideach, digitiú an riaracháin phoiblí, bonneagar digiteach, inacmhainneacht tithíochta, an spleáchas ar bhreoslaí iontaise, infheistíocht i gcórais fuinnimh agus dícharbónú foirgneamh, iompar agus tionscal, soláthar lucht saothair, scileanna, tallann ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad a mhealladh agus a choinneáil, torthaí oideachais chomh maith le hinfhaighteacht oideachais agus cúraim luath-óige agus scoileanna lánlae.

(25) Tá an nuálaíocht san earnáil phríobháideach comhchruinnithe i gcuideachtaí móra, i réigiúin shonracha agus in earnálacha meánteicneolaíochta. Tá caiteachas T&F ag fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) fós íseal (0,18 % de OTI in 2023 i gcomparáid le meán an Aontais de 0,47 %). Tá gníomhaíocht nuálaíochta dírithe ar earnálacha meánteicneolaíochta. D'fhéadfadh an timpeallacht nuálaíochta tairbhe a bhaint as tuilleadh maoiniú poiblí don domhainteicneolaíocht agus don nuálaíocht chlaochlaitheach. Tá aschur T&F tite nuair a dhéantar é a thomhas mar sciar de na foilseacháin agus de na hiarratais ar phaitinní is mó a luaitear. Tá deacrachtaí ag an nGearmáin maidir le tráchtálú taighde acadúil. Le cur chuige níos córasaí maidir le haistriú eolais, lena n-áirítear trí thosaíocht a thabhairt don chistiú poiblí ar nuálaíocht shuaiteach, d'fhéadfaí feabhas a chur ar thaighde acadúil ardcháilíochta a thiontú ina tháirgí atá inmharthana ó thaobh na tráchtála de. Faoi láthair, is minic a chuirtear bac ar an bpróiseas mar gheall ar theorainneacha struchtúracha amhail cistiú agus córais dreasachta gairme nach dtugann tosaíocht leordhóthanach don tráchtálú chomh maith le caibidlíocht fhada mhaorlathach maidir le maoin intleachtúil, rud a chuireann moill nó díspreagadh ar thaighde a chlaochlú ina nuálaíochtaí atá réidh don mhargadh. Maidir le nuálaíocht cheannródaíoch, tá sé tábhachtach braislí ardfheidhmíochta a neartú (e.g. trí thionscnaimh barr feabhais) agus éiceachórais shaincheaptha T&F á gcothú agus bonneagar taighde agus aistrithe teicneolaíochta á áirithiú do ghnólachtaí an tráth céanna.

(26) Tá an claochlú eacnamaíoch sa Ghearmáin ag dul i ndéine, agus tá dócmhainneachtaí gnó (*Personen- und Kapitalgesellschaften*) ar an leibhéal is airde le 20 bliain anuas. Tá méadú ag teacht ar an líon cuideachtaí atá i gcruachás agus tá méadú ag teacht ar na dúshláin struchtúracha, go háirithe i réigiúin atá faoi chlaochlú tionsclaíoch. Dá bhrí sin, tá sé níos tábhachtaí fós iontráil agus fás daingean a éascú agus dlús a chur le hath-leithdháileadh acmhainní ó chuideachtaí neamh-inmharthana chuig gnólachtaí táirgiúla agus nuálacha, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis. Tháinig méadú ar an líon gnólachtaí nuathionscanta nuabhunaithe in 2025 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, ach tá gníomhaíocht nuathionscanta fós faoi bhun leibhéal 2018, agus tá an claonadh ginearálta chun gnólacht a thosú sa Ghearmáin fós réasúnta íseal. Le spleáchas na Gearmáine ar thionscail mheánteicneolaíochta agus lena ráta aschuir nuálaíochta níos laige tugtar le fios go bhféadfadh éifeachtaí gaibhniúcháin a bheith ag an tír i gcás ina bhfuil tionscail agus teicneolaíochtaí seanbhunaithe i réim, agus go bhfuil dúshláin roimh iontrálaithe nua maidir le teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn a chur chun cinn agus nuálaíochtaí a thabhairt chuig an mbonn tionsclaíoch. Tá an maoiniú fós ina phríomhdhúshlán d'fhiontraithe óga, go háirithe do ghnólachtaí atá ag méadú. Ach ról na n-infheisteoirí institiúideacha mar sholáthraithe caipitil a neartú, d'fhéadfaí na margaí caipitil a dhoimhniú agus éifeachtúlacht agus fás infheistíochta a fheabhsú. Cé go dtacaíonn raon clár rialtais, go príomha tríd an mbanc forbartha KfW, leis an gcóras caipitil fiontair, dá laghdófaí an éiginnteacht chánach maidir le struchtúir chomhpháirtíochta d'fhéadfadh bainistiú caipitil fiontair agus cistí cothromais phríobháidigh sa Ghearmáin a bheith níos tarraingtí do bhainisteoirí príobháideacha. Ar bhonn níos leithne, d'fhéadfaí feabhas a chur ar mhaoiniú corparáideach trí mhargadh baincéireachta níos éifeachtúla, lena gcuirfí iasachtaí ar chostas níos ísle agus táirgí níos solúbtha ar fáil. Cuireann neamhéifeachtúlachtaí oibríochtúla bac air sin: ba é 58,3 % cóimheas costas le hioncam na mbanc Gearmánach i mí an Mhárta 2025 i gcomparáid le meán 54 % an Aontais. Dá ndéanfaí comhdhlúthú, cumaisc, lena n-áirítear le bainc ó Bhallstáit eile de chuid an Aontais, nó lárú oibríochtaí, d'fhéadfaí na neamhéifeachtúlachtaí sin a laghdú go mór.

(27) Tá sé beartaithe ag an rialtas costais riaracháin do ghnólachtaí a laghdú 25 % le linn na tréimhse reachtaí reatha. Mar sin féin, is cosúil nach bhfuil ionstraimí nua ó bhonn ná comhdhlúthú inniúlachtaí ag gabháil leis na spriocanna uaillmhianacha lena gcuirfí laghdú éifeachtach ar an ualach chun cinn. Tá sé sin ríthábhachtach toisc go dtuairiscíonn go leor gnólachtaí moilleanna (62 %) agus costais oibriúcháin mhéadaithe (44 %) mar gheall ar idirghníomhaíochtaí riaracháin. I measc na n-uirlisí éifeachtacha a d'fhéadfaí a úsáid tá rialacha simplithe maidir le fianaise dhoiciméadach, úsáid níos leithne a bhaint as formheas riaracháin mar réamhshocrú agus cuir chuige rátaí comhréidh seachas fíorú beacht de réir an cháis. D'fhéadfadh measúnú críochnúil costais agus tairbhe cuidiú lena áirithiú go mbeadh an iarracht a bhaineann le rialachán nua i gcomhréir leis na tairbhí a chuireann siad ar fáil.
I bhfianaise a lárnaí atá an Ghearmáin sa mhargadh aonair, tá gá ar leith le bacainní náisiúnta agus réigiúnacha ar thrádáil earraí agus seirbhísí laistigh de LEE a laghdú, agus trí chur chun feidhme náisiúnta reachtaíocht an Aontais atá ródhian a sheachaint agus tríd an ualach rialála maidir le pacáistíocht agus bainistiú dramhaíola a laghdú.

(28) Tá iarrachtaí á ndéanamh ag an nGearmáin feabhas a chur ar dhigitiú a seirbhísí poiblí, ach níl dul chun cinn intomhaiste déanta go fóill mar thoradh orthu sin. Tá feidhmíocht na Gearmáine maidir le príomhspriocanna na Deacáide Digití i ndáil le seirbhísí poiblí digiteacha a sholáthar do shaoránaigh agus do ghnólachtaí fós faoi bhun mheán an Aontais. Tá príomhchoinníollacha cumasúcháin le haghaidh riarachán digiteach rianúil, sainaithint leictreonach agus cláir sonraí nasctha tearcfhorbartha. Tá an tír chun deiridh maidir le réitigh dhigiteacha maidir le himeachtaí a thionscnamh agus a leanúint i gcásanna cúirte sibhialta/tráchtála agus riaracháin. Ina theannta sin, níl seirbhísí digiteacha nuafhorbartha curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud na réigiún agus na mbardas, rud a chuireann teorainn lena gcumhdach críochach agus lena n-inscálaitheacht. I gcás inar ann do sheirbhísí digiteacha, is minic nach mbíonn siad soláimhsithe go leor toisc go mbíonn ar shaoránaigh agus ar ghnólachtaí aghaidh a thabhairt fós ar nósanna imeachta casta atá digitithe go páirteach agus ar idirghníomhaíochtaí a dhéantar arís agus arís eile le húdaráis iomadúla. Léiríonn sé sin go bhfuil gá níos leithne leis an riarachán poiblí a nuachóiriú, mar aon le comhordú feabhsaithe nó freagrachtaí coigeartaithe idir na leibhéil rialtais. D’fhéadfadh rialtais fheidearálacha, réigiúnacha agus áitiúla cur leis an úsáid a bhaineann siad as bloic thógála dhigiteacha choiteanna agus as caighdeáin dhigiteacha choiteanna agus d’fhéadfadh siad nósanna imeachta riaracháin forluiteacha a chomhdhlúthú freisin. Tá gá níos mó ná riamh le nuachóiriú den sórt sin freisin chun acmhainneacht riaracháin a chaomhnú i bhfianaise ganntanais foirne atá ag dul i méid, rud a fhágann go bhfuil an digitiú, an t-uathoibriú agus nósanna imeachta níos simplí ina bpríomhchumasóirí maidir le riarachán poiblí éifeachtach athléimneach.

(29) Leanann an Ghearmáin de dhul chun cinn a dhéanamh maidir lena bonneagar nascachta a leathnú, trí reachtaíocht a rith chun ceadú a éascú le haghaidh líonraí snáthoptaice agus líonraí cumarsáide móibílí. Mar sin féin, tá cumhdach cábla snáthoptaice go háitreabh na tíre fós ar an dara cumhdach is ísle san Aontas. Le bearnaí leanúnacha sa chumhdach, mar aon le héagothromaíochtaí móra réigiúnacha, tá an baol ann go gcuirfear srian leis an iomaíochas, go gcuirfear teorainn leis an bhfás táirgiúlachta, agus go gcuirfear moill ar ghlacadh teicneolaíochtaí digiteacha atá dian ar shonraí. Chun é sin a réiteach, ní mór d'údaráis fheidearálacha agus réigiúnacha gealltanais a chur chun feidhme go héifeachtach chun infheistíocht leanúnach ón earnáil phríobháideach a chumasú i gcás inar féidir agus chun tacaíocht phoiblí a chur ar fáil i gcás inar gá.

(30) Thit infheistíocht tithíochta sa Ghearmáin in 2025 don chúigiú bliain as a chéile, tar éis crapadh 20 % ó bhí 2020 ann, rud a chuir le dúshláin inacmhainneachta tithíochta agus le marbhántacht eacnamaíoch níos leithne. Mar thoradh ar bhearna mhéadaitheach idir praghsanna cíosa i gconarthaí atá ann cheana agus i gconarthaí nua, bíonn margadh tithíochta reoite ann, rud a chuireann teorainn le soghluaisteacht an lucht saothair. Ní thugann bearta rialála cíosa aghaidh ar bhunchúiseanna na nganntanas tithíochta agus is féidir leo dreasachtaí infheistíochta príobháidí a lagú agus bac a chur ar úsáid éifeachtúil na tithíochta atá ar fáil. D'fhéadfadh pleanáil chasta fhada maidir le húsáid talún a bheith ina bac ar níos mó ath-leithdháileadh talún chun críoch tithíochta nó dlúthaithe. Is é is aidhm don '*turbo* tógála' a glacadh dlús a chur le nósanna imeachta pleanála agus ceadaithe, ach tá a ghlacadh fós míchothrom ar fud na mbardas. Tá sé ríthábhachtach costais tógála a laghdú, arb iad na costais is airde san Aontas iad, chun níos mó tithíochta a chur ar fáil. Dá gcuirfí 'cineál tithíochta E' a fógraíodh chun feidhme, is é sin caighdeán níos simplí san fhoirgníocht atá bunaithe ar riachtanais, soláthrófar deimhneacht dhlíthiúil agus caighdeáin níos simplí á gcur i bhfeidhm. Chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán na hinfheistíochta tithíochta, tá gá le nuálaíocht san fhoirgníocht, rialacháin bhreise shimplithe agus chuíchóirithe, próisis dhigitithe, pleanáil níos fearr maidir le húsáid talún, naisc iompair níos fearr chomh maith le stoc na tithíochta sóisialta a mhéadú agus úsáid níos spriocdhírithe a bhaint as na haonaid tithíochta atá ann cheana.

(31) Lean an Ghearmáin de dhul chun cinn a dhéanamh maidir leis an aistriú fuinnimh, go háirithe trí tháirgeadh leictreachais in-athnuaite a mhéadú. Mar sin féin, is breoslaí iontaise iad sciar suntasach den mheascán fuinnimh fós. Chun a spriocanna aeráide a bhaint amach, ba cheart don Ghearmáin dlús breise a chur le deireadh a chur de réir a chéile le breoslaí iontaise ar fud na n-earnálacha uile, go háirithe sna hearnálacha tithíochta agus iompair, sin agus tacú an tráth céanna le leathadh amach costéifeachtach an fhuinnimh in-athnuaite agus le nuachóiriú an bhonneagair eangaí.

(32) D'ainneoin an dul chun cinn atá déanta, tá dúshláin struchtúracha fós ann maidir le méideanna méadaitheacha agus athraitheacha giniúna fuinnimh in-athnuaite a chomhtháthú go héifeachtúil sa chóras leictreachais. Cuireann plódú eangaí mar gheall ar an neamhréir gheografach idir lárionaid giniúna fuinnimh in-athnuaite agus lárionaid éilimh teorainn le húsáid iomlán an fhuinnimh in-athnuaite, ardaíonn sé costais an chórais, agus laghdaíonn sé an acmhainneacht tarchurtha atá ar fáil le haghaidh trádáil trasteorann. Tá an Ghearmáin ag obair chun an eangach tarchurtha a leathnú ach beidh gá le dlús a chur leis an dul chun cinn chun a áirithiú go mbeidh íosmhéid 70 % den acmhainneacht theicniúil trasteorann ar fáil le haghaidh trádála. D'ainneoin na n-iarrachtaí a rinneadh le déanaí chun na críche sin, is dídhreasacht fós iad na táillí eangaí níos airde i réigiúin atá saibhir ó thaobh fuinnimh in-athnuaite de maidir leis an tionscal a lonnú gar do láithreáin ghiniúna. Le hathchóiriú i dtreo muirir ghréasáin dhinimiciúla réigiúnaithe, d'fhéadfaí táillí a nascadh le fíor-ualach na heangaí, rud a chruthódh comharthaí praghais suímh. Cé go bhfuil bearta déanta ag an nGearmáin faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta agus faoi bhearta náisiúnta chun dlús a chur le ceadú agus chun tacú le réitigh sholúbthachta, tá dúshláin fós ann maidir le solúbthacht an chórais a mhéadú agus comhtháthú níos éifeachtúla fuinnimh in-athnuaite sa chóras leictreachais a áirithiú. Níl roghanna solúbthachta amhail stóráil agus freagairt don éileamh á n-úsáid ar scála leordhóthanach go fóill, rud a chuireann teorainn le cumas an chórais freastal ar ghiniúint in-athnuaite athraitheach gan idirghabhálacha costasacha. Ina theannta sin, tá digitiú na ngréasán leictreachais, go háirithe ar an leibhéal dáileacháin, fós chun deiridh, agus tá dul chun cinn an-mhall déanta maidir le rolladh amach méadar cliste, infhaighteacht theoranta sonraí agus easpa caighdeánaithe ar fud oibreoirí eangaí.

(33) Tá astaíochtaí ó na hearnálacha tithíochta agus iompair, a thagann faoi Rialachán an Aontais maidir le Comhroinnt Díchill, fós i bhfad níos airde ná spriocanna laghdaithe náisiúnta agus Eorpacha, agus tá astaíochtaí tionsclaíocha fós ard. Is gá don Ghearmáin dlús a chur le gníomhaíocht chun na hearnálacha sin a dhícharbónú d'fhonn a spriocanna aeráide a bhaint amach agus d'fhonn éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú. In earnáil na tógála, tá na bearta tacaíochta airgeadais atá ann cheana faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta leathnaithe ag an nGearmáin, ach tá gá le tuilleadh iarrachtaí trasearnálacha maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, lena n-áirítear laghduithe ar thomhaltas fuinnimh phríomhúil, chun a spriocanna do 2030 a bhaint amach. In earnáil an iompair, tá méadú ag teacht ar ghlacadh feithiclí ceallra-leictreacha, le tacaíocht ó fhóirdheontais agus ó dhreasachtaí fioscacha. Mar sin féin, ní leor an dul chun cinn atá déanta chun spriocanna 2030 a bhaint amach, go háirithe maidir leis an mbonneagar luchtaithe a leathnú le haghaidh feithiclí tromshaothair. Tá gá le tuilleadh infheistíochta freisin chun an gréasán iarnróid a uasghrádú, a leathnú agus a dhigitiú chun tacú le haistriú módach ó bhóthar go hiarnród, go háirithe i gcás iompar lasta, earnáil ina bhfuil tarlú de bhóthar fós ceannasach. D'ainneoin bearta leanúnacha arna gcistiú faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta agus faoi thionscnaimh náisiúnta eile, tá moilleanna fós ar mhórthionscadail iarnróid, agus leanann cur in úsáid mall na gcóras comharthaíochta digití, go háirithe an Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS), de theorainn a chur le hacmhainneacht, iontaofacht agus idir-inoibritheacht trasteorann. An tráth céanna, tá slándáil eacnamaíoch agus iomaíochas tionsclaíoch na Gearmáine ag brath ar an táirgeadh monaraíochta a aistriú go tapa, lena n-áirítear tionscail atá dian ar fhuinneamh, ó bhreoslaí iontaise. Mar sin féin, le nósanna imeachta casta ceadaithe lena mbaineann dlínsí forluiteacha agus roinnt dhoiléir na bhfreagrachtaí, cuirtear moill go fóill ar infheistíochtaí criticiúla i dteicneolaíochtaí táirgthe tionsclaíocha ísealcharbóin agus glan-nialasacha neamh-iontaise. Chun aghaidh a thabhairt ar na scrogaill sin, ba cheart don Ghearmáin formheasanna do bhonneagar agus do shaoráidí a chuireann leis an aistriú chuig tionscal glan a chuíchóiriú.

(34) I bhfianaise ról ríthábhachtach an chaipitil dhaonna maidir le hiomaíochas agus uathriail straitéiseach an Aontais a fheabhsú, mhol an Chomhairle in 2026 go ngníomhódh na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt go práinneach ar dhúshláin struchtúracha a bhaineann le caipiteal daonna i réimse na scileanna, an oideachais agus na hoiliúna, ar dúshláin iad a chuireann bac ar an iomaíochas. Na moltaí tírshonracha atáthar a dhíriú chuig an nGearmáin in 2026, d'fhéadfaidís a bheith ina gcuidiú ó thaobh chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas.

(35) Tá laghdú tagtha ar ghanntanais lucht saothair oilte ach tá siad fós ina mbac suntasach ar an bhfás, ar an táirgiúlacht, ar an aistriú digiteach agus ar an aistriú glas. Ag deireadh 2025, bhí tionchar ag ganntanais lucht saothair ar bheagnach 30 de na cuideachtaí a tuairiscíodh agus tá an ráta folúntais fós os cionn mheán an Aontais. Cé go bhfuil an ráta fostaíochta ard, tá na huaireanta an chloig a oibrítear ar an meán i measc na n-uaireanta is ísle in aghaidh an oibrí san Aontas agus tá siad ag laghdú i gcónaí. Is go páirtaimseartha a oibríonn leath na bhfostaithe baineanna, rud a mhíníonn é sin go páirteach. Is measa na ganntanais lucht saothair de bharr na nganntanas scileanna agus mímheaitseálacha scileanna. Tá feabhas ag teacht de réir a chéile ar scileanna digiteacha ach tá siad fós míchothrom. Tá na ganntanais lucht saothair thar a bheith géar sna hearnálacha cúraim agus TFC, in san earnáil tógála, agus i ngairmeacha eolaíocha agus teicniúla, poist a éilíonn scileanna san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic (ETIM). Déanann ganntanais lucht saothair difear freisin d’earnálacha atá ríthábhachtach don aistriú glas, cuir i gcás soláthar uisce, séarachas, bainistiú dramhaíola agus fuinneamh. Léiríonn na ganntanais sin neamhréireanna críochacha agus scileanna go páirteach. Tá athruithe struchtúracha suntasacha ag teacht ar go leor réigiún freisin, rud a léiríonn meath na monaraíochta, agus is teoranta an acmhainneacht atá acu lucht saothair easáitithe a fhostú. Chun freastal ar an athrú struchtúrach, ní mór ábharthacht uirlisí beartais chun tacú le haistrithe ó phost go post a chur chun cinn, agus ní mór díriú ar athruithe ceirde agus ar shoghluaisteacht réigiúnach an lucht saothair a chur chun cinn, rud atá teoranta faoi láthair mar gheall ar sholáthar íseal tithíochta i limistéir lena mbaineann riachtanais margadh saothair, as measc nithe eile. Sa bhreis ar na bearta coisctheacha sin, trí thacaíocht chuimsitheach do dhaoine ar bheagán oiliúna de gach aois, go háirithe iad siúd nach bhfuil dioplóma gairme acu, d’fhéadfaí cuidiú leis an nGearmáin gníomhú in aghaidh ganntanais scileanna. Ar deireadh, tá acmhainneacht neamhshaothraithe ann chun tallann a mhealladh agus a choinneáil, mar shampla trí nósanna imeachta riaracháin maidir le himirce lucht saothair a bhrostú, a dhigitiú agus a lárú agus trí aitheantas cáilíochtaí a éascú a thuilleadh, le próiseas níos tapúla agus níos trédhearcaí.

(36) Cuireann torthaí oideachais ísle atá ag dul in olcas, go háirithe i measc grúpaí faoi mhíbhuntáiste, agus líon suntasach daoine a fhágann an t-oideachas agus an oiliúint go luath leis an nganntanas lucht saothair oilte. Tá idir an ceathrú agus an tríú cuid de dhaoine 15 bliana d’aois ag tearcfheidhmiú sa mhatamaitic, sa léitheoireacht agus san eolaíocht, agus tá sciar na ndaoine is fearr feidhmíocht ag titim go láidir freisin. Tá tionchar an-suntasach ag cúlra socheacnamaíoch na ndaltaí ar thorthaí oideachais. In 2022 theip ar 46,6 % de dhaltaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste íosinniúlacht sa mhatamaitic a bhaint amach, ardú suntasach ó 29,8 % in 2015. Ina theannta sin, ní éiríonn go maith le dhá thrian (64 %) de dhaltaí a rugadh thar lear sa mhatamaitic, i gcomparáid le 21,9 % de dhaltaí nach inimircigh iad, rud a chuireann a thuilleadh leis an mbearna shocheacnamaíoch atá ag dul i méid san oideachas. Níl aon cháilíocht ag beagnach duine as gach seachtar de dhaoine óga sa Ghearmáin (18-24 bliana d’aois) nó níl ach cáilíochtaí an-íseal acu agus féachtar orthu mar luathfhágálaithe oideachais agus oiliúna. Tá an líon daoine a fhágann an t-oideachas agus an oiliúint go luath sa Ghearmáin i measc na rátaí is airde san Aontas (13.1 % in 2025) agus tá méadú tagtha air ó bhí 2021 ann. Le bearta coisctheacha agus feabhais, agus difríochtaí réigiúnacha á gcur san áireamh, d’fhéadfaí an líon daoine a fhágann *an t-oideachas agus an oiliúint* a laghdú agus torthaí oideachais a fheabhsú. Le bailiú sonraí feabhsaithe agus idir-inoibritheacht sonraí feabhsaithe idir scoileanna, seirbhísí sóisialta, agus na *Länder*, d’fhéadfaí faireachán níos fearr a dhéanamh ar chonairí oideachais. Chuideodh sé sin le tacaíocht a chur in oiriúint d’fhoghlaimeoirí tearcghnóthachtála ó aois óg, trí scolaíocht nó oiliúint éigeantach a neartú go dtí 18 mbliana d’aois agus trí chonairí foghlama solúbtha a chur ar fáil. De réir mar a chuirtear dlús le digitiú an gheilleagair, ní mór dlús a chur le hinfheistíochtaí oideachais freisin. Tá oideachas saincheaptha ríthábhachtach le haghaidh torthaí éifeachtacha, rud a fhágann go bhfuil ganntanas múinteoirí ina ábhar imní go háirithe – faoi láthair, tuarann Bhuanchomhdháil na nAirí Oideachais agus Cultúir (KMK) go mbeidh an Ghearmáin gann ar 49 000 múinteoir faoi 2035.

(37) Ach oideachas agus cúram luath-óige agus scoileanna lánlae ar ardchaighdeán a neartú, d'fhéadfaí cúramóirí, ar mná iad go minic, a fhostú ar bhonn lánaimseartha agus a chumasú a thuilleadh, chomh maith le comhdheiseanna do leanaí a chur chun cinn. Oibríonn leath na bhfostaithe baineanna go páirtaimseartha, ceann de na leibhéil is airde san Aontas. Aire a thabhairt do leanaí agus do ghaolta scothaosta, is minic gurb é sin is cúis le bheith ag obair go páirtaimseartha, rud atá á spreagadh go páirteach ag bearna i soláthar oideachais agus cúraim luath-óige solúbtha ar ardchaighdeán agus scoileanna lánlae. Meastar go bhfuil 300 000 áit cúraim leanaí agus naíscoile in easnamh faoi láthair agus gur gá 150 000 áit scoile lánlae a chruthú fós faoi 2029, agus tá éagothromaíochtaí réigiúnacha ann maidir le riachtanais nach bhfuiltear ag freastal orthu. Is féidir le rochtain ar oideachas agus cúram luath-óige ar ardchaighdeán agus scoileanna lánlae cuidiú freisin le míbhuntáistí i ngeall ar chúlra socheacnamaíoch a mhaolú agus le hinniúlacht ar an nGearmáinis. Trí thacaíocht teanga chaighdeánaithe a rolladh amach ar bhonn náisiúnta in oideachas agus cúram na luath-óige, d'fhéadfaí bonn láidir a thógáil chun bunscileanna a fháil sa bhunscoil, agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar chothromas chóras oideachais na Gearmáine arb é is príomhthréith dó daltaí a rianú go han-luath i gconairí éagsúla. Faoi láthair, tá leanaí ó theaghlaigh níos saibhre cláraithe in oideachas agus cúram luath-óige ag beagnach dhá oiread ráta a bpiaraí nach bhfuil chomh saibhir céanna. Trí chúram fadtéarmach costéifeachtúil a leathnú, go háirithe seirbhísí baile agus seirbhísí d'othair sheachtracha, d'fhéadfaí faoiseamh a thabhairt ó fhreagrachtaí cúraim agus an chothroime idirghlúine a chur chun cinn.

(38) I bhfianaise na ndlúth-idirnasc idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro, agus a rannchuidithe chomhchoitinn le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, in 2026 mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun Moladh 2026 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a chur chun feidhme. I gcás na Gearmáine, cuidíonn moladh (1) le cur chun feidhme an chéad mholta, an dara moladh, an tríú moladh, an chúigiú moladh agus an seachtú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (2) le cur chun feidhme an cheathrú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (3) le cur chun feidhme an chúigiú moladh, an seachtú moladh agus an naoú moladh maidir leis an limistéar euro, cuidíonn moladh (4) le cur chun feidhme an seachtú moladh maidir leis an limistéar euro agus cuidíonn moladh (5) le cur chun feidhme an chúigiú moladh maidir leis an limistéar euro.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Ghearmáin in 2026 agus in 2027 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Leanúint de chloí leis na huasrátaí fáis glanchaiteachais a mhol an Chomhairle an 10 Deireadh Fómhair 2025, agus úsáid á baint as an tsolúbthacht faoin gclásal éalaithe náisiúnta a ghníomhachtaigh an Chomhairle. Caiteachas agus ullmhacht fhoriomlán i réimse na cosanta agus na slándála a threisiú, agus inbhuanaitheacht fiachais agus éifeachtúlacht caiteachais á n-áirithiú ag an am céanna, chomh maith leis an mbuiséad a oiriúnú de réir a chéile chun caiteachas cosanta atá níos airde ó thaobh struchtúir. A áirithiú gur bearta sealadacha a bheidh i mbearta a dhéanfar chun tionchar an ardaithe ar phraghsanna fuinnimh a mhaolú, agus go mbeidh siad dírithe ar theaghlaigh leochaileacha a chosaint nó ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais gnólachtaí dianfhuinnimh, dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh a chaomhnú agus a áirithiú go mbeidh a gcostas fioscach comhoiriúnach do na gealltanais faoi chreat fioscach an Aontais. Leanúint den tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca leis an tréimhse choigeartúcháin fhadaithe a chur chun feidhme, mar a mhol an Chomhairle an 10 Deireadh Fómhair 2025. Tacú le leathadh amach infheistíochtaí poiblí trí bhearta a leathnú chun dlús a chur le nósanna imeachta ceadaithe agus forghníomhaithe. Feabhas a chur ar cháilíocht an airgeadais phoiblí trína áirithiú go méadóidh an Ciste Speisialta um Bonneagar agus Aeráidneodracht (*Sondervermögen*) an stoc caipitil tháirgiúil agus trí fhóirdheontais agus aistrithe ón mbuiséad feidearálach chuig córas na bpinsean a theorannú. Inbhuanaitheacht na bpinsean reachtúil a fheabhsú (ach leordhóthanacht na bpinsean á gcoinneáil ag an am céanna), lena n-áirítear trí shaol oibre níos faide a chur chun cinn, agus pleananna pinsin ceirde agus phearsanta a neartú. Feabhas a chur ar an meascán cánach agus ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht an chórais leasa shóisialta chun dreasachtaí a neartú maidir leis na huaireanta oibre a dhéantar mhéadú, lena n-áirítear ag an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh.

2. Leanúnachas na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí a chuirtear chun feidhme faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a áirithiú. Dlús a chur leis na hiarrachtaí chun cláir an bheartais comhtháthaithe a chur chun feidhme, ag tógáil, i gcás inarb iomchuí, ar an ath-leithdháileadh ar thosaíochtaí straitéiseacha agus ar sholúbthachtaí a comhaontaíodh i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma ar chreat an bheartais comhtháthaithe.

3. Borradh a chur faoin nuálaíocht chlaochlaitheach, lena n-áirítear trí thráchtálú taighde a éascú. Éagsúlú an gheilleagair agus dinimiceas gnó a éascú, agus borradh a chur faoin infheistíocht phríobháideach trí thacú leis an bhfiontraíocht, rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá i mbun fáis, rialáil a shimpliú, agus an t-ualach riaracháin a laghdú. Dlús a chur le nuachóiriú agus digitiú an riaracháin phoiblí, lena n-áirítear trí chastacht idir na leibhéil rialtais a laghdú, trí úsáid comhchaighdeán a mhéadú agus trí sheirbhísí poiblí a athdhearadh chun iad a chur ar fáil go héasca agus go comhsheasmhach ar fud na tíre. Dlús a chur le leathadh amach líonraí cumarsáide digití fíor-ardacmhainne. Feabhas a chur ar na coinníollacha le haghaidh infheistíochtaí tithíochta chun tithíocht a dhéanamh níos inacmhainne trí rialáil agus nósanna imeachta a shimpliú a thuilleadh, athbhreithniú a dhéanamh ar an dlí maidir le cíos, talamh tógála breise a shlógadh agus tithíocht shóisialta a neartú.

4. Méid foriomlán an spleáchais ar bhreoslaí iontaise a laghdú a thuilleadh agus leathnú an fhuinnimh in-athnuaite a éascú, lena n-áirítear trí chórais sholúbtha amhail réitigh stórála a chur chun cinn chun praghsanna a laghdú le linn an bhuaicéilimh. Infheistíocht a stiúradh i dtreo córas leictreachais costéifeachtach atá neodrach ó thaobh carbóin de, lena n-áirítear trí ghiniúint leictreachais in-athnuaite atá neamhdhíobhálach don eangach agus patrúin tomhaltais sholúbtha a spreagadh, agus comhtháthú réigiúnach á neartú an tráth céanna trí chonairí tarchurtha a leathnú agus trí thacú le comhtháthú trasteorann na margaí leictreachais agus na n-eangach leictreachais. Digitiú na n-eangach leictreachais a chur chun cinn, go háirithe ar an leibhéal dáileacháin, agus rolladh amach méadar cliste a chur chun cinn. Dlús a chur leis an bpróiseas chun na hearnálacha foirgneamh, tionsclaíochta agus iompair a dhícharbónú, lena n-áirítear tríd an ngréasán iarnróid a athchóiriú agus a dhigitiú, agus trí scrogaill maidir le ceadú a laghdú le haghaidh bonneagair agus saoráidí a chuireann leis an aistriú chuig tionscal glan.

5. An soláthar saothair a mhéadú agus dul i ngleic leis an nganntanas oibrithe oilte, go háirithe trí uaireanta an chloig oibrithe a mhéadú, trí scileanna a neartú, aistrithe chuig poist agus idir poist a éascú trí bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair, agus trí dhaoine tréitheacha ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad a mhealladh agus a choinneáil ar bhealach níos fearr. Feabhas a chur ar thorthaí oideachais, lena n-áirítear trí bharr feabhais a chur chun cinn, cosc a chur ar luathfhágáil na scolaíochta agus na hoiliúna, agus tacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil do ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste. Feabhas a chur ar infhaighteacht agus ar cháilíocht oideachas agus chúram na luath-óige agus scoileanna lánlae, chomh maith le hinfhaighteacht seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh costéifeachtacha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*